# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2015

# LÉANN CLASAICEACH - ARDLEIBHÉAL

DÉARDAOIN, 18 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 go 12.00

Tá ceisteanna anseo ar **dheich dtopaic**.
Tá na topaicí roinnte mar seo a leanas:
Topaicí 1 - 5 = **ROINN A** – An Saol Gréagach
Topaicí 6 - 10 = **ROINN B** – An Saol Rómhánach

Ní mór d'iarrthóirí ceisteanna a fhreagairt ar **chúig thopaic**, mar leanas:
**dhá** thopaic as **ROINN A**;
**dhá** thopaic as **ROINN B**;
an **cúigiú** topaic as **ROINN A** nó **B**.

Tá 80 marc ag gabháil le gach topaic.
Marcanna iomlána don pháipéar = (5x80) = 400.

Na fótagraif a bhfuil gá leo chun roinnt de na ceisteanna a fhreagairt, tá siad ar fáil ar pháipéar ar leith, marcáilte **X**, a ghabhann leis an bpáipéar seo.

| **ROINN A – An Saol Gréagach** | **ROINN B – An Saol Rómhánach** |
|---|---|
| Topaic 1: Fraoch Aichill. | Topaic 6: Aeinéas ar a Shiúlta. |
| Topaic 2: An Ghréig agus an Pheirs. | Topaic 7: Téatar na Rómhánach – Coiméide. |
| Topaic 3: Beatha agus Bás Shócraitéas. | Topaic 8: Beatha agus Comhaimsir Iúil Caesar. |
| Topaic 4: Micéiné agus an Traí. | Topaic 9: Cathair Rómhánach – Poimpé. |
| Topaic 5: Acrapoil na hAithine. | Topaic 10: An tArm Rómhánach. |

## ROINN A
## An Saol Gréagach

**Topaic 1: Fraoch Aichill.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra.
Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén bhliain i gCogadh na Traí ar tharla imeachtaí an **Íliad**?

(ii) Cé leis a deir Aichill Briseis a thabhairt ar láimh don dá theachtaire, Talthybius agus Eurybates?

(iii) Cé hí bean chéile Eachtair?

(iv) Ainmnigh ceann **amháin** de na haibhneacha thart faoin Traí.

(v) Cé hé nó cé hí Sarpedon?

(vi) Cad a chuireann Séas ar a scálaí órga?

(24)

(*b*) (i) Déan cur síos ar an bpáirt a ghlac Apalló **nó** Aitéiné san **Íliad.** (16)

(ii) Mínigh cén chaoi agus cén fáth a gcabhraíonn Téitis le hAichill i Leabhar 1 den **Íliad**. (8)

(iii) Déan cur síos ar **dhá** bhealach ina gcabhraíonn Heirméas le Priam i Leabhar 24 den **Íliad**. (8)

(*c*) Léigh an sliocht seo as Leabhar 11 den **Íliad** agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Ansin thug Agaiméamnón fogha faoi mhic Antimachus an áigh. Agus Antimachus ag súil le breabanna suntasacha óir ó Pháras, d'áitigh sé ar na Traígh gan Héilin a thabhairt ar ais do Mheinealás. Ach anois ba iad a bheirt mhac a ghabh Agaiméamnón. Bhí siad in aon charbad agus iad ag iarraidh smacht a fháil ar a gcapaill thapa ach bhí na capaill trína chéile. Léim Agaiméamnón orthu mar a bheadh leon ann agus, gan tuirlingt go fiú, d'impigh siad air: 'A Mhic Atreus, gabh beo muid agus gheobhaidh tú airgead fuascailte ar fiú go mór é. Tá ár n-athair Antimachus saibhir. Tá neart taisce aige ina theach, cré-umha agus ór agus iarann saoirsithe. Thairgfeadh sé airgead fuascailte ollmhór duit dá gcloisfeadh sé gur tugadh ar ais beo muid chuig na longa Gréagacha.' Ach ní raibh trua ar bith i nglór Agaiméamnóin: 'Más mic le Antimachus an áigh sibh beirt, sin é an fear a d'áitigh tráth i gcomhthionól na Traí maidir le Meinealás a tháinig ann ar thoscaireacht le hOdaiséas diaga, go mba chóir go marófaí é ar an toirt agus nach ligfí dó filleadh ar an nGréig. Íocfaidh sibh anois as masla náireach bhur n-athar.'

(i) Cad é a d'áitigh Antimachus ar na Traígh gan a dhéanamh? (4)
(ii) Cén margadh ar fhéach mic Antimachus lena dhéanamh le hAgaiméamnón? (6)
(iii) Cén fáth nár aontaigh Agaiméamnón leis an margadh seo? (6)
(iv) Ón léamh atá déanta agat ar an sliocht **seo**, cad é do thuairim faoi Agaiméamnón **agus** cad é do thuairim faoi mhic Antimachus? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (8)

**(80 marc)**

**Topaic 2: An Ghréig agus An Pheirs.**

Ba chóir tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Conas a chabhraigh na hAithnigh leis na Gréagaigh Iónacha in 494 RCh?

(ii) Ainmnigh drámadóir Aithneach a scríobh dráma faoi chogaí na Peirse.

(iii) Cén dia a raibh oileán Déileas tiomnaithe dó?

(iv) Cén fáth ar cuireadh Pheidippides go Sparta?

(v) Cén fáth ar ordaigh Xeirxéas dá chuid fear trí chéad lasc a thabhairt don Heilléaspontas?

(vi) Cá háit ar rugadh Héaradatas? (24)

(*b*) (i) Cén fáth ar bheartaigh Mardonius an Ataic a fhágáil in 479 RCh agus a arm a shuíomh ina aice leis an Téibh? (8)

(ii) Tabhair cuntas ar Chath Plataea. (16)

(iii) Cén fáth ar ordaigh Pausanias go ndéanfaí dhá bhéile a chócaráil nuair a shroich sé puball Mardonius i ndiaidh bhua na nGréagach in Platae? (8)

(*c*) Léigh an sliocht seo a leanas as **Na Startha** le Héaradatas agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Tá Indiaigh eile níos faide ó thuaidh, i dtír Pactyica, a bhfuil cosúlacht acu leis na Baictriaigh. Is iad seo na treibheanna Indiacha is trodaí, agus is iadsan a théann amach chun ór a fháil. Tá gaineamhlach sa réigiún seo.

Sa ghaineamhlach seo faightear cineál seangáin a bhfuil méid ollmhór ann – níos mó ná sionnach ach ní chomh mór le madra. Coimeádtar roinnt samplaí a fuarthas ansin i bpálás Rí na bPeirseach. Nuair a bhíonn siad ag tochailt faoi thalamh caitheann na créatúir seo an gaineamh aníos ina chairn, díreach mar a chaitheann ár seangáin féin an chré aníos, agus tá an-dealramh acu lenár gcuid féin ina gcruth.

Tá an gaineamh ar mhórán óir, agus is é an t-ór seo a bhíonn á lorg ag na hIndiaigh nuair a théann siad ar a sluaíochtaí isteach sa ghaineamhlach. Bíonn siad ag féachaint le greim a fháil ar an ór le linn an achair is teo den lá nuair a bhíonn na seangáin ruaigthee faoi thalamh ag an teas. Nuair a shroicheann na hIndiaigh an áit a bhfuil an t-ór, líonann siad na málaí a thug siad leo le gaineamh, agus tugann siad a n-aghaidh arís ar an mbaile chomh tapa agus is féidir leo; faigheann na seangáin a mboladh (más féidir linn scéal na bPeirseach a chreidiúint) agus téann siad sa tóir orthu láithreach, níl rud ar bith ar domhan inchurtha leis na seangáin seo ó thaobh luais de.

(i) Cad a fhoghlaimíonn tú ón alt tosaigh sa sliocht seo faoin treibh Indiach a bhfuil cónaí orthu i dtír Pactyica? (8)

(ii) Cén chaoi a bhfaigheann na hIndiaigh an t-ór, dar le Héaradatas? (8)

(iii) Cé chomh fíor is atá an cuntas thuas, dar leat? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (8)

**(80 marc)**

**Topaic 3: Beatha agus Bás Shócraitéas.**

Ba chóir tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cad ab ea sofaist?

(ii) Cén cheist a chuir Chaerephon ar Oracal Dheilfe?

(iii) Ainmnigh ceann **amháin** de na grúpaí a cheistigh Sócraitéas leis an méid a dúirt Oracal Dheilfe faoi a thástáil.

(iv) Cén duine ar iarr Sócraitéas air go dtógfaí ón bpríosún é an lá deireanach dá shaol?

(v) Cad a d'iarr Sócraitéas ar an ngiúiré a dhéanamh maidir lena mhic i ndiaidh a bháis?

(vi) Cén rogha eile a mhol Sócraitéas seachas pionós an bháis?

(24)

(*b*) (i) Cén tábhacht a bhain le teacht an bháid as Déileas? (6)

(ii) Cad iad na hargóintí a d'úsáid Críotó agus é ag iarraidh a áitiú ar Shócraitéas éalú? (8)

(iii) Cad iad na cúiseanna a luaigh Sócraitéas le Criotó nár ealaigh sé ón Aithin? (8)

(iv) An bhfuil meas agat ar Shócraitéas? Tabhair cúiseanna le do fhreagra ón staidéar atá déanta agat ar bheatha Shócraitéas. (10)

(*c*) Léigh an sliocht seo a leanas as an dráma **Na Scamaill** le hArastafainéas agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh. Is Aithneach óg é Strepsiades a lorgaíonn comhairle Shócraitéas sa dráma.

**STREPSIADES**: Dar Séas ! Abair liom, a Shócraitéas, impím ort, cé hiad na mná seo a bhfuil teanga chomh sollúnta sin acu; an féidir gur leath-bhandéithe iad?
**SÓCRAITÉAS**: Ní féidir in aon chor. Is Scamaill na bhflaitheas iad, bandéithe móraí; tá muid faoi chomaoin acu as gach: smaoineamh, óráid, cleasaíocht, rógaireacht, maíomh; bréag.
**STREPSIADES**: Áh! B'in an fáth, agus mé ag éisteacht leo, a ndearna mo mheabhair a sciatháin a leathadh; í ar bís le gleo a dhéanamh faoi mhionrudaí, le hargóintí mífhiúntacha a dhéanamh, lena cúiseanna suaracha a nochtadh, le céile comhraic áirithe a bhréagnú, a ghriogadh. Ach nach bhfuil siad chun iad féin a thaispeáint? Ba mhaith liom iad a fheiceáil, dá bhféadfainn.
**SÓCRAITÉAS** : Bhuel, féach an treo seo! Feicim iad cheana féin ag teacht anuas go mall.
**STREPSIADES**: Ach, cá háit, cá háit? Taispeáin dom iad.
**SÓCRAITÉAS** : Tá siad ag teacht chun cinn ina slua, ar chosán thar na gleanntáin agus na rosáin.
**STREPSIADES**: Nach ait é! Ní féidir liom faic a fheiceáil.
**SÓCRAITÉAS** : Ansin, gar don bhealach isteach.
**STREPSIADES**: Ní féidir liom iad a fheiceáil ar chor ar bith.
**SÓCRAITÉAS**: Caithfidh sé go bhfeiceann tú go soiléir anois iad, mura bhfuil do shúile lán suas le sram chomh tiubh le puimcíní.

(i) Cad a chreid Sócraitéas faoi Scamaill na bhflaitheas, dar leis an sliocht **seo**? (8)

(ii) Ón staidéar atá déanta agat ar an topaic seo, cad a chreid Sócraitéas i ndáiríre faoi na déithe? (8)

(iii) Ón staidéar atá déanta agat ar an topaic seo agus bunaithe ar an sliocht thuas, an dóigh leat go bhfuil an dráma seo greannmhar? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (8)

**(80 marc)**

**Topaic 4: Micéiné agus An Traí.**

Ba chóir tabhairt faoi na páirteanna **uile -** (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra.
Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén fáth a bhfuil tábhacht ag baint le Wilhelm Dorpfeld i dtochailt na Traí?

(ii) Cad atá á léiriú i bhFótagraf **1** ar Pháipéar **X**?

(iii) Cé a d'aistrigh na táibléid i Líneach B go Béarla den chéad uair?

(iv) Déan staidéar ar Fhótagraf **2** ar Pháipéar **X**. Cad a thugtar an an gcineál seo balla?

(v) Cad a thug na Gréagaigh agus na Traígh ar an gcaolas uisce taobh ó thuaidh den Traí?

(vi) Déan staidéar ar an bpéintéireacht atá á léiriú i bhFótagraf **3** ar Pháipéar **X**. Taispeántar ann na déithe ar tí iarraidh ar Pháras moltóireacht a dhéanamh ar an gComórtas Áilleachta. Ainmnigh ceann **amháin** de na déithe nó na bandéithe a thaispeántar. (24)

(*b*) (i) Seachas Micéiné féin, ainmnigh pálás Micéinéach **amháin** eile. (4)

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** ghné de phálás Micéinéach. (8)

(iii) Tabhair cuntas ar thochailtí Heinrich Schliemann i Micéiné. (20)

(*c*) (i) Cén fáth a bhfuil sé chomh deacair sin ag seandálaithe suíomh na Traí / Hisarlik a thuiscint? (6)

(ii) Cérbh iad Rí agus Banríon na Traí in aimsir Chogadh na Traí? (6)

(iii) Cé atá á léiriú i bhFótagraf **4** ar Pháipéar **X**? Cad atá á chaitheamh aici? (6)

(iv) Mínigh go hachomair cén fáth a ndearna na Gréagaigh ionradh ar chathair na Traí. (6)

**(80 marc)**

**Topaic 5: Acrapoil na hAithne.**

Ba chóir tabhairt faoi na páirteanna **uile -** (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén fáth ar thóg na Gréagaigh teampaill?

(ii) Cad ab ea na Ballaí Fada?

(iii) Cé atá á léiriú i bhFótagraf **5** ar Pháipéar **X**?

(iv) Cad a thugtaí d'Aitéiné gach bliain dá breithlá?

(v) Cén dia a bhfuil baint aige leis an amharclann atá suite faoin Acrapoil?

(vi) Cérbh é Féidias?

(24)

(*b*) (i) Déan staidéar ar Fhótagraf **6** ar Pháipéar **X**.
Ainmnigh na foirgnimh a bhfuil na lipéid **A, B, C** agus **D** orthu. (12)

(ii) Cén fáth a gceaptar go bhfuil an Partanón ar an gceann is taibhsí de na teampaill Ghréagacha, dar leat? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (12)

(iii) Mínigh an bhaint idir Léig Dhéileas agus na foirgnimh ar an Acrapoil. (8)

(*c*) Taispeántar trí chineál colúin i bhFótagraf **7** ar Pháipéar **X.**

(i) Ainmnigh na cineálacha colúin a bhfuil na lipéid A, B, C orthu. (9)

(ii) Mínigh go hachomair cad ab ea gach ceann de na gnéithe ailtíreachta seo a leanas:

Meatóp **agus** Triglif **agus** Peidiméid.

Tig leat léaráid nó léaráidí lipéadaithe a úsáid mar chuid de do fhreagra. (9)

(iii) Cérbh é nó cérbh í Mnesicles? (6)

**(80 marc)**

## ROINN B

## An Saol Rómhánach

**Topaic 6: Aéinéas ar a Shiúlta.**

Ba chóir tabhairt faoi na páirteanna **uile -** (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén fáth ar theastaigh ó Ágastas Caesar go scríobhfadh Veirgil an **Aeinéid**?

(ii) Conas a chuirtear ina luí ar Aeólas stoirm a chruthú i Leabhar 1den **Aeinéid**?

(iii) Nuair a thagann Aeinéas i dtír ar chósta an hAfraice Thuaidh, cé hé nó cé hí an chéad duine a chastar air?

(iv) Conas a aimsíonn Aeinéas an Chraobh Órga?

(v) Cén chaoi a gcaitheann an tSibille le Ceirbearas?

(vi) Conas a thrasnaigh Aeinéas an Stiocs? (24)

(*b*)

(i) Ón leamh atá déanta agat ar Leabhar 2 den **Aeinéid**, déan cur síos ar a dtarlaíonn do Laocoon agus mínigh cén fáth a dtarlaíonn sé. (10)

(ii) Cé a mharaíonn Priam? Cá háit a maraítear é? (8)

(iii) Déan cur síos ar a dtarlaíonn le hAeinéas a chosc ó Héilin a mharú. (8)

(iv) Conas a chuirtear ina luí ar Anchises an Traí a fhágáil in éineacht le hAeinéas? (6)

(*c*) Léigh an sliocht seo a leanas as Leabhar 2 den **Aeinéid** agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Ansin luigh a súile ar na héadaí Traíocha agus ar an leaba a raibh seantaithí aici uirthi. Agus sos á thógáil aici ar feadh nóiméid le caoineadh agus le cuimhneamh siar, luigh sí síos ar an leaba agus dúirt na focail dheireanacha seo: ‘Seo iad sealúchais Aeinéas ar thug mé grá chomh mór sin dó fad a cheadaigh Dia agus Bandéithe na Cinniúna é. Glacaidís le mo spiorad agus saoraidís ón gcrá seo mé. Tá mo shaol caite agam agus chríochnaigh mé an cúrsa a leag an Chinniúint romham, agus anois rachaidh mo spiorad mór faoin talamh. Bhunaigh mé cathair ghlórmhar agus mhair mé le tógáil mo chuid ballaí féin a fheiceáil. Bhain mé éiric amach i mbás m’fhear céile agus chuir mé pionós ar a namhaid ar dhearthháir liom é. Bheinn sásta, agus níos mó ná sásta, mura dtiocfadh longa na Traí i dtír ar ár gcladaí riamh’.

(i) Ainmnigh an chathair ghlórmhar a luaitear sa sliocht thuas. (4)

(ii) Ainmnigh an fear céile agus an deartháir a ndéantar tagairt dóibh sa sliocht seo. (8)

(iii) Cé a deir na focail seo? Ón léamh atá déanta agat ar an sliocht seo agus ón staidéar atá déanta agat ar an topaic seo, an bhfuil bá agat léi?
Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (12)

**(80 marc)**

**Thall**

**Topaic 7: Téatar na Rómhánach – Coiméide: An Saighdiúir Maíteach.**

Ba chóir tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra.
Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cad is *scaenae frons* ann san amharclann Rómhánach?

(ii) "Dár Ióv, is ea, dá mbeadh sé buailte agat i ndáiríre, bheadh do lámh planctha trí chraiceann, trí chnámha agus trí phutóga an ainmhí."
Cé a deir na focail seo? Cén cineál ainmhí a bhfuil sé ag caint faoi?

(iii) Cén chathair ársa ina bhfuil an dráma seo suite? Cén tír sa lá atá inniu ann ina bhfuil láithreán na cathrach sin?

(iv) Cén fáth a bhfuil Pleusicles faoi bhréagriocht mar mhairnéalach in **An Saighdiúir Maíteach**?

(v) "A ghiolla na céille, tig leat slán a fhágáil ag do léine, do chlóca agus do chlaíomh; ní bheidh siad á mbreith leat agat." Cé a deir na focail seo agus cé leis a ndeirtear iad?

(vi) Cé hí Honoria in **An Saighdiúir Maíteach**?

(24)

(*b*) (i) Mínigh cén fáth a dtugtar an 'Máistir-Phleanálaí' ar Palaestrio in **An Saighdiuir Maíteach**. I do fhreagra ba chóir duit scríobh faoi roinnt rudaí a deir Palaestrio **agus** faoi roinnt rudaí a dhéanann sé sa dráma. (24)

(ii) An dtiocfá leis an tuairim go bhfuil Palastrio ag déanamh go han-mhaith dó féin faoi dheireadh an dráma? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (8)

(*c*) Léigh an sliocht seo as **An Saighdiúir Maíteach,** agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

'Dar na déithe agus na bandéithe ar fad thuas, mura gceadaítear dom an pionós atá tuillte agat a thabhairt duit - dhá uair an chloig déag de lascadh gan stad ó mhaidin go hoíche – mar gheall ar mo thíleanna agus mo gháitéir a bhriseadh, nuair a bhí tú sa tóir ar do chomhchealgaire, an moncaí sin de do chuid, agus tar éis duit spiaireacht a dhéanamh uaidh sin anuas ar aoi de mo chuid agus í ag breith barróg cheana ar a grá geal, agus tar éis mo bhanaoí a ionsaí os comhair mo dhorais tosaigh féin - mura bhféadfaidh mé an rópa a leagan ort mé féin, féachfaidh mé chuige go mbáfar do mháistir i dtaoide náire chomh hard leis na farraigí arda nuair a bhíonn stoirm faoi lánseol.'

(i) Cén carachtar a deir na focail seo in **An Saighdiúir Maíteach**? (4)

(ii) Cén carachtar a bhfuil pionós tuillte aige nó aici? (4)

(iii) An bhfuil an sliocht seo greannmhar, dar leat? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (8)

(iv) Ón léamh atá déanta agat ar an sliocht **seo,** cad atá le foghlaim faoi bheatha sclábhaí? (8)

**(80 marc)**

**Topaic 8: Beatha agus Comhaimsir Iúil Caesar.**

Ba chóir tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén fáth ar sheol Caesar amach go dtí an Bhitín?

(ii) Cad a mhol Caesar ba chóir tarlú do na fir a raibh baint acu le comhcheilg Chaitilíne?

(iii) Cén chaoi ar tharraing Cléopatra aird Chaesair uirthi féin ar dtús?

(iv) Cad a mhaígh Poimpéas a tharlódh dá ngreadfadh sé a chos ar an talamh?

(v) Ainmnigh an cath a dtuairiscítear go ndúirt Caesar ina dhiaidh, 'Tháinig mé, chonaic mé, chloígh mé'.

(vi) Cén aois a bhí ag Caesar nuair a fuair sé bás?

(24)

(*b*) (i) Tabhair breac-chuntas ar ar tharla nuair a ghabh píoráidí na Cilice Iúil Caesar. Cad a thaispeánann an eachtra seo faoi charachtar Chaesair? (10)

(ii) Scríobh alt gearr ar iníon Chaesair, Iúilia, **nó** ar bhean chéile Chaesair, Pompeia. (6)

(iii) Déan cur síos ar na príomhchéimeanna in éirí amach deireanach na nGallach in aghaidh Iúil Caesar. I do fhreagra áirigh:

- An pháirt a ghlac Vergentorix/Vercingetorix
- An tábhacht a bhain le Alesia. (16)

(*c*) Léigh an sliocht seo a leanas as **An Dáréag Caesar** le Séatóinias agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Toghadh Caesar agus Bibulus ina gConsail, ach lean na huaslathaithe ar thionchar Chaesair a shrianadh trína chinntiú, nuair a bheadh a dtéarma críochnaithe aige féin agus ag Bibulus, go rialódh an bheirt acu ar na cúigí ba lú tábhacht ar tugadh 'féarach coillte agus sléibhte' orthu. Agus é spréachta ón achasán seo, chuir Caesar a phlámás i bhfeidhm ar Phoimpéas, a raibh achrann déanta aige leis an Seanad mar go raibh siad chomh mall sin maidir le ceadú na gcéimeanna a thug sé chun Mithridates, Rí Pontus, a bhriseadh. D'éirigh leis athmhuintearas a dhéanamh idir Poimpéas agus Marcas Crassus chomh maith. (Bhí siad fós in achrann le chéile ón uair ar theip orthu réiteach a fháil ar chúrsaí polasaithe le linn dóibh an chonsalacht a roinnt.) Rinne Poimpéas, Caesar agus Crassus comhaontú triarach ag an bpointe seo, agus ghlac siad mionn go comhpháirteach go gcuirfidís in aghaidh reachtaíocht ar bith a bhféadfadh go mbeadh duine díobh ag easaontú léi.

(i) Cén chaoi ar lean na huaslathaithe de thionchar Chaesair a shrianadh? (6)

(ii) Cén fáth a raibh Poimpéas míshásta leis an Seanad? (4)

(iii) Cad air a aontaíodh sa chomhaontú triarach a rinne Caesar, Poimpéas agus Crassus? (4)

(iv) Ón léamh atá déanta agat ar an sliocht **seo**, cén tuairim atá agat de Chaesar? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (10)

**(80 marc)**

**Topaic 9: Cathair Rómhánach - Poimpé.**

Ba chóir tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Déan staidéar ar Fhótagraf **8** ar Pháipéar **X**. Cá háit a d’fheicfeá maisiú den chineál seo de ghnáth?

(ii) Cad atá á léiriú i bhFótagraf **9** ar Pháipéar **X**?

(iii) Cad is ea an Sarno?

(iv) Cén réigiún san Iodáil ina bhfuil Poimpé suite?

(v) Cén fheidhm a bhíodh le *palaestra*?

(vi) Cén bhaint a bhí ag Sulla, an ginearál Rómhánach, le Poimpé?

(24)

(*b*) (i) Samhlaigh go bhfuil an t-amfaitéatar i bPoimpé á thaispeáint agat do chuairteoir. Cuir síos don chuairteoir ar an bhfoirgneamh agus ar na gníomhaíochtaí a bhíodh ar siúl laistigh den amfaitéatar. (20)

(ii) Tabhair cuntas ar **dhá** mhodh inar thuill daoine a mbeatha i bPoimpé. (12)

(*c*) Déan staidéar ar Fhótagraf **10** ar Pháipéar **X** ina dtaispeántar suíomh tábhachtach i bPoimpé. Freagair na ceisteanna seo a leanas.

(i) Ainmnigh an chuid de Phoimpé a thaispeántar. (4)

(ii) Mínigh cén fáth ar bhain tábhacht chomh mór sin leis an gcuid seo de Phoimpé i saol mhuintir Phoimpé. (8)

(iii) Ainmnigh **dhá** cheann de na déithe nó na bandéithe a raibh teampaill acu anseo. (6)

(iv) Ainmnigh **dhá** fhoirgneamh eile a bheadh le feiceáil anseo. (6)

**(80 marc)**

**Topaic 10: An tArm Rómhánach.**

Ba chóir tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cheist díobh seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén leacht cáiliúil a thaispeántar i bhFótagraf **11** ar Pháipéar **X**?

(ii) Luaigh gealltanas **amháin** a dhéanadh earcach sa léigiún Rómhánach agus é ag dul isteach san arm.

(iii) Cad a thugtaí ar an duine a bhíodh i gceannas ar ochtó saighdiúir léigiúnacha san arm Rómhánach?

(iv) Cad ab ea an *Principia* i ndúnfort Rómhánach?

(v) Cad ba *ballista* ann?

(vi) Cén leacht sa Róimh ar a gceiliúrtar gabháil Iarúsailéim in 70 RCh?

(24)

(b) (i) Déan cur síos ar shaol laethúil saighdiúra Rómhánaigh agus é lonnaithe i ndúnfort sna cúigí in aimsir shíochána. (16)

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** ghné chosanta in éide agus i dtrealamh an tsaighdiúra Rómhánaigh. Tig leat léaráidí lipéadaithe a úsáid mar chuid de do fhreagra. (12)

(iii) Cad ab ea an Garda Praetóireach? (4)

(c) Léigh an sliocht seo a leanas as **Annála Impireacht na Róimhe** le Tacatas, ina ndéantar cur síos ar theacht gobharnóra nua, Corbulo, isteach sa Ghearmáin, agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh:

Nuair a bhunaigh Corbulo ceannas ar bun sa cheantar rinne sé caighdeáin thraidisiúnta an smachta a athbheochan. Ba shladaithe díograiseacha iad a chuid saighdiúirí Rómhánacha ach mar oibrithe bhí siad drogallach agus neamhghnóthach. Cuireadh cosc ar luí amach as an máirseáil agus ar throid gan orduithe. Rinneadh dualgas picéid agus fairtheora faoi armas – is é sin gach tasc de ló agus d'oíche . Deirtear gur cuireadh saighdiúir amháin chun báis de bharr go ndearna sé tochailt ag an gcréfort gan a chlaíomh, agus gur cuireadh duine eile chun báis mar nár chaith sé ach a mhiodóg. Baineann áibhéil leis na scéalta seo agus b'fhéidir gur cumadóireacht is ea iad. Ach spreag déine Corbulo iad; agus caithfidh go raibh fear a fuair creidiúint as déine dá leithéid maidir le mionsonraí sách airdeallach agus, i gcás cionta tromchúiseacha, neamhthrócaireach.

(i) Ón léamh atá déanta agat ar an sliocht seo, luaigh **dhá** shampla d'easpa smachta i measc na saighdiúirí Rómhánacha. (8)

(ii) Ón bhfianaise sa sliocht seo, an dóigh leat gur cheannaire maith é Corbulo? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (8)

(iii) Ón léamh atá déanta agat ar an sliocht seo agus ón staidéar atá déanta agat ar an topaic seo, luaigh **dhá** bhealach inar cuireadh pionós ar na saighdiúirí Rómhánacha.

(8)

**(80 marc)**

LEATHANACH BÁN